Cód: QA222

Teideal: Polasaí agus Cleachtas maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL)

Dáta: 24 Meitheamh 2020

Faomhadh: An Coiste Seasta Acadúil

## 1. Cuspóir

Is éard atá i gceist le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) ná próiseas a ligeann do mhic léinn dul ar chúrsa staidéir nó díolúintí a fháil ó chodanna áirithe de chúrsa, bunaithe ar an bhfoghlaim a léirigh siad a bhí déanta acu sular glacadh leo. Aithnítear in OÉ Gaillimh gur féidir eolas agus scileanna a fháil ó réimse taithí foghlama, lena n-áirítear taithí fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Tá sé seo ag teacht le spriocanna an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a bhfuil sé d'aidhm acu aitheantas a thabhairt do gach éacht foghlama trí thacú le forbairt bealaí malartacha i dtreo cáilíochtaí (nó dámhachtainí) agus trí aitheantas réamhfhoghlama a éascú.

Tá sé mar aidhm ag an gcáipéis polasaí seo tacú le forbairt RPL in OÉ Gaillimh trí chreatlach agus prionsabail chomhleanúnacha a chur ar fáil ar féidir le gach aonad acadúil úsáid a bhaint astu chun treoir a thabhairt dóibh maidir le feidhmiú RPL laistigh dá gcúrsaí ag an leibhéal fochéime agus iarchéime. Forbraíodh é chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a chinntiú i gcur i bhfeidhm phrionsabail RPL ar fud na hOllscoile.

Déanfar cur i bhfeidhm an chuir chuige polasaí seo a fhorbairt sna blianta amach romhainn, agus beidh ar gach Coláiste de chuid na hOllscoile a chleachtais áitiúla a fhorbairt laistigh de mheon foriomlán pholasaí na hOllscoile. I bhfianaise éagsúlacht na gcúrsaí acadúla agus na riachtanas ar fud na hollscoile, is creat cumasúcháin é an polasaí, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir difríochtaí oibriúcháin ó Choláiste go Coláiste, de réir mar a éilíonn cúrsaí.

## 2. Cur síos

Is gné thábhachtach de pholasaí an AE é Aitheantas Réamhfhoghlama chun rochtain ar cháilíochtaí a leathnú agus chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil. Is é cuspóir RPL rochtain ar chúrsaí oideachais agus ar cháilíochtaí a leathnú do dhaoine nach raibh cáilíochtaí foirmiúla acu roimhe seo agus an t-am agus an costas a bhaineann le cúrsaí a laghdú do dhaoine a bhfuil cuid *den eolas, de na scileanna agus de na*

*hinniúlachtaí* acu cheana féin a dhéantar a fhorbairt i bhfoghlaimeoirí.

## 3. Sainmhínithe

**Aitheantas Réamhfhoghlama**

Is éard atá i gceist le Réamhfhoghlaim an fhoghlaim a rinneadh sular glacadh le mac léinn ar chúrsa. Is féidir foghlaim dheimhnithe nó foghlaim ó thaithí a bheith i gceist.

Chun críche na cáipéise polasaí seo úsáidfear an téarma RPL agus na téarmaí Aitheantas don Réamhfhoghlaim *Dheimhnithe* (RPCL) agus Aitheantas don Réamhfhoghlaim *ó Thaithí* (RPEL). Úsáidfear RPCL agus RPEL sa cháipéis seo chun idirdhealú beacht a dhéanamh idir an dá théarma.

**Aitheantas don Réamhfhoghlaim *Dheimhnithe* (RPCL):** I gcás ina mbeidh teastas bronnta ar iarratasóir cheana féin do chúrsa foirmiúil a rinneadh in institiúid eile nó in eagraíocht oiliúna eile, is féidir an réamhfhoghlaim sin a **aithint** agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-iarratasóir i dteideal **áit** ar chúrsa, **díolúintí** ó chodanna áirithe de chúrsa nó **ardseasmhacht acadúil** i gcúrsa.

**Aitheantas don Réamhfhoghlaim *ó Thaithí* (RPEL):** Is éard atá i gceist leis seo aitheantas a thabhairt don fhoghlaim ó thaithí, i.e. foghlaim nach bhfuil creidiúnaithe ó thaobh na hacadúlachta de roimhe seo. Sa chás sin, ní mór don iarrthóir a chruthú gur baineadh amach na torthaí foghlama riachtanacha. Is féidir an cruthúnas seo a úsáid ansin chun tacú le héileamh ar **áit** ar chúrsa, **díolúintí** ó chodanna áirithe de chúrsa nó **ardseasamh acadúil** laistigh de chúrsa. Mar phrionsabal ginearálta, tugtar aitheantas d'fhianaise **foghlama**, seachas do thaithí *per se*.

**Bealaí Foghlama**

Is féidir go bhfuarthas an Réamhfhoghlaim ar bhealaí **foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla**1. Chun críocha na cáipéise seo sainmhínítear na bealaí foghlama sin mar seo a leanas:

Is éard is **foghlaim fhoirmiúil** ann ná foghlaim chúrsa-bhunaithe a bhíonn ar siúl ar bhealach foirmiúil eagraithe. Tá sé leagtha amach mar fhoghlaim, le sainábhar cúrsa, cuspóirí foghlama, fad áirithe luaite leis an gcúrsa agus tacaíocht foghlama. Is iondúil go mbíonn teastas mar thoradh air.

Tá **foghlaim sheachfhoirmiúil** d'aon ghnó ó thaobh an fhoghlaimeora de. Tarlaíonn sé trí ghníomhaíochtaí foghlama pleanáilte, eagraithe ach de ghnáth ní bhíonn aon deimhniú ag dul leis. Seo a leanas samplaí den fhoghlaim sheachfhoirmiúil: gníomhaíochtaí foghlama agus oiliúna a dhéantar san ionad oibre, san earnáil dheonach nó sa cheardchumann agus i suíomhanna sa phobal.

Níl **foghlaim neamhfhoirmiúil** eagraithe ná struchtúrtha (i dtéarmaí cuspóirí, ama nó tacaíocht foghlama). Bíonn foghlaim neamhfhoirmiúil neamhbheartaithe i bhformhór na gcásanna ó thaobh an fhoghlaimeora de. Tarlaíonn sé tríd an saol agus tríd an taithí oibre – agus tugtar foghlaim ó thaithí air uaireanta. De ghnáth ní bhíonn deimhniú mar thoradh air.

**Torthaí Foghlama**

Maidir le RPL, tagraíonn na torthaí foghlama d'eolas, do thuiscint, do scileanna agus/nó d'inniúlachtaí an fhoghlaimeora – an méid atá ar eolas ag an bhfoghlaimeoir agus is féidir leis/léi a dhéanamh ar an gcaighdeán riachtanach de bharr na réamhfhoghlama.

1 Glacann AE, OECD, Cedefop, NCVA, HETAC, FETAC, etc. leis na sainmhínithe seo go forleathan.

**Cineálacha Aitheantais**

Ceadaítear *Aitheantas Sonrach* má mheastar go bhfuil na torthaí foghlama a baineadh amach coibhéiseach leis na torthaí foghlama a bhí ar mhodúl sonrach cúrsa.

Ceadaítear *Aitheantas Ginearálta* nuair nach bhfuil an réamhfhoghlaim ábhartha go díreach, ach go meastar go bhfuil sí coibhéiseach ó thaobh leibhéil agus ualú creidmheasa de do mhodúil sa chúrsa staidéir atá beartaithe.

## 4. Prionsabail an Pholasaí

Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le RPL a chur i bhfeidhm san Ollscoil.

- Trí aitheantas réamhfhoghlama, tá sé mar aidhm ag an Ollscoil luach bunúsach acadúil na foghlama ábhartha a chur san áireamh, beag beann ar an modh nó an áit foghlama.
- Aithníonn RPL an fhoghlaim a tharla sular tairgeadh áit ar chúrsa nó ag an staid ábhartha de chúrsa.
- Cinnteoidh an Ollscoil go gcoinneofar agus go gcuirfear i bhfeidhm ar feadh an phróisis RPL caighdeáin acadúla atá inchomparáide leo siúd a bhaintear amach ar chúrsaí ar an modh traidisiúnta.
- Is ar bhonn deonach a ghlacann iarratasóirí páirt sa phróiseas RPL.
- Éascóidh an Ollscoil an RPL, más féidir i gcomhthéacs an struchtúir agus na riachtanas foriomlán do chúrsaí staidéir ar leith, agus beidh sé faoi rogha pholasaithe na gColáistí éagsúla.
- Agus aitheantas á lorg faoi RPL, ní mór an réamhfhoghlaim a chruthú i scríbhinn nó tríd an meán atá oiriúnach do na torthaí foghlama ar leith agus a fhíordheimhniú ag an leibhéal/na leibhéil chuí.
- Féadfar teorainneacha ama a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh/meastóireacht á déanamh ar ábharthacht na réamhfhoghlama.
- Tabharfar aitheantas de ghnáth:

    ○ Do mhodúil iomlána amháin;

    ○ Sa chás gur baineadh amach torthaí foghlama uile modúil; Suas go dtí

    50% ar a mhéad de na creidmheasanna iomlána do chúrsa acadúil;

  Tabharfar díolúine de ghnáth do mhodúil iomlána seachas do chuid de mhodúl. Is féidir eisceacht a dhéanamh nuair atá sé éasca codanna éagsúla óna chéile a dhéanamh amach i modúl, mar shampla teoiric + praiticiúil.

- Is féidir go mbeadh an t-iarrthóir i dteideal díolúintí a fháil ar chúrsa mar gheall ar ***réamhfhoghlaim dheimhnithe***, ach ní áireofar í do chreidmheasanna cúrsa.

- Is féidir ***aitheantas don réamhfhoghlaim (neamhdheimhnithe) ó thaithí*** a bhronnadh ar bhonn foghlaim léirithe a thaispeánann go bhfuil torthaí foghlama sonraithe bainte amach ag iarrthóir don chúrsa.

  Cé go ndéanfar gach iarracht aitheantas réamhfhoghlama a éascú, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta i gcónaí aitheantas den sórt sin a bhronnadh i gcás cúrsaí céime áirithe, nó i gcás gnéithe áirithe de chúrsa, a bhfuil díolúine á lorg ag iarratasóir ina leith. Tá cúrsaí staidéir áirithe in OÉ Gaillimh cruthaithe de réir riachtanais shonracha an chúrsa, áit nach féidir gnéithe áirithe den chúrsa a thógáil (go háirithe gnéithe foghlama ó thaithí) gan an chuid eile den chúrsa staidéir acadúil. D'fhéadfadh cúrsaí ina bhfuil creidiúnú gairmiúil seachtrach á lorg a bheith san áireamh anseo. Sna cásanna seo, ní féidir torthaí foriomlána foghlama a bhaint amach go rathúil ach amháin trí chúrsa staidéir comhtháite, áit a dtugtar faoi ghnéithe de thaithí laistigh de chomhthéacs struchtúr forordaithe an chúrsa acadúil. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh próiseas RPL feiliúnach agus beidh comhairle ar fáil ó na Coláistí dá réir.

- Déanfar próisis agus cleachtais le haghaidh RPL a shonrú agus a chur ar an taifead go soiléir agus beidh siad ar fáil do gach iarratasóir féideartha.

- Sa phróiseas RPL, léireoidh iarrthóirí an leibhéal acadúil cuí foghlama a bheas leagtha síos ag an aonad acadúil atá i gceist.

- Le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar RPL, ní mór d'iarrthóirí a léiriú go dtuigeann siad teoiric an mhodúil chomh maith leis na gnéithe praiticiúla foghlama de mhodúl.

- Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh an próiseas RPL comhsheasmhach, cothrom agus trédhearcach. Déanfar é laistigh de thréimhse ama réasúnach do gach iarratasóir.

## 5. An Cleachtas

**Cur i láthair ar Fhoghlaim le haghaidh Meastóireachta: An Portfóilió Foghlama**

Is ar iarratasóirí aonair atá an fhreagracht éilimh a chur isteach ar aitheantas réamhfhoghlama. De ghnáth, déanfaidh iarratasóirí athbhreithniú ar cháipéisíocht iarratais RPL le haghaidh sonraí na staideanna atá i gceist. Más gá, féadfaidh an t-iarratasóir ionchasach dul i dteagmháil le Riarthóir an Chúrsa chun tuilleadh eolais a fháil faoi ábhar an chúrsa.

Is í an mheicníocht atá á moladh ag an Ollscoil chun an fhoghlaim a chur i láthair ná an **Portfóilió Foghlama** ina gcuireann an t-iarratasóir fianaise foghlama i láthair. Beidh **Foirm Iarratais RPL** ag gabháil le gach Portfóilió Foghlama.

(A) Réamhfhoghlaim Dheimhnithe
Sa Phortfóilió Foghlama Deimhnithe, cuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fhoghlaim i láthair i bhfoirm tras-scríbhinní oifigiúla de thorthaí agus siollabais fhoirmiúla in éineacht leis na cáipéisí tacaíochta ábhartha.

(B) Réamhfhoghlaim ó Thaithí
Sa Phortfóilió Foghlama ó Thaithí, cuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fhoghlaim i láthair, fianaise a bheidh socraithe chun a léiriú gur baineadh amach torthaí foghlama an mhodúil ábhartha. Nuair a bhíonn foghlaim ó thaithí i gceist, is féidir roinnt modhanna a úsáid chun a léiriú gur baineadh amach torthaí foghlama.

Áirítear orthu sin: cruthúnas i scríbhinn, cur i láthair foirmiúil, agallamh, réimse tascanna a chomhlíonadh nó meascán díobh seo. D'fhéadfadh foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim sheachfhoirmiúil araon a bheith san áireamh san Fhoghlaim ó Thaithí.

**Réamhfhoghlaim Dheimhnithe á Meas ag an Ollscoil**

Is iondúil go ndéanfaidh Riarthóir an Chúrsa an réamhfhoghlaim dheimhnithe a mheas i gcomhairle le comhaltaí foirne ábhartha an chúrsa. Tá aitheantas don réamhfhoghlaim dheimhnithe faoi réir meastóireachta ar na nithe seo a leanas: taifead acadúil an mhic léinn; cúrsa staidéir; siollabas, cur síos ar an gcúrsa, torthaí foghlama, líon na n-uaireanta teagmhála, cineálacha measúnaithe; leibhéal cáilíochta NFQ bronnta agus institiúid dámhachtana.

**Réamhfhoghlaim ó Thaithí á Meas ag an Ollscoil**

Is iondúil gurb é Riarthóir an Chúrsa a dhéanfaidh measúnú ar an réamhfhoghlaim ó thaithí i gcomhairle le comhaltaí foirne ábhartha an chúrsa – go hidéalach iad siúd atá nó a bhí páirteach sa ghnáthphróiseas measúnaithe don/do na (h)ábha(i)r/modú(i)l atá i gceist.

Féadfar raon measúnaithe a úsáid. Beidh siad seo oiriúnach dá bhfuil sa mhodúl agus beidh siad inchomparáide le próisis mheasúnaithe eile a úsáidtear chun a fháil amach ar baineadh amach torthaí foghlama nó nár baineadh. Féadfaidh an measúnú a bheith bunaithe ar an bportfóilió a cuireadh isteach nó ar mhodhanna eile cosúil le scrúduithe scríofa, aistí, tascanna, ceistneoirí ilroghnacha, cur i láthair ó bhéal etc., a d'fhéadfaí a úsáid de réir mar is cuí. Go ginearálta, beidh an measúnú bunaithe ar mheastóireacht ar an réamhfhoghlaim a chuirtear i láthair. Beidh fianaise a chuireann iarratasóir isteach ar fáil lena hathbhreithniú ag an Scrúdaitheoir Seachtrach.

Tabharfar oiliúint agus tacaíocht do mheasúnóirí agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas aitheantais de réir mar is cuí.

**Critéir Mheasúnaithe**

Bainfidh comhaltaí foirne úsáid as na príomhchritéir seo a leanas chun cabhrú leo a chinneadh an bhfuil an fhianaise foghlama a cuireadh i láthair oiriúnach agus leordhóthanach.

| | |
|---|---|
| Bailíocht | An bhfuil an réamhfhoghlaim a cuireadh i láthair ag teacht leis na torthaí foghlama atá riachtanach ón aonad acadúil ábhartha? An bhfuil an réamhfhoghlaim a chuir an t-iarratasóir i láthair ag an leibhéal acadúil a theastaíonn ón aonad acadúil ábhartha? |
| Leordhóthanacht | An bhfuil dóthain fianaise ann chun a léiriú gur baineadh amach na torthaí foghlama? |
| Inchreidteacht | An bhfuil sé soiléir gurb í an réamhfhoghlaim obair an |

iarratasóra? Iontaofacht An bhfuil an fhianaise ar réamhfhoghlaim a

chuirtear i láthair iontaofa?

| | |
|---|---|
| Inghlacthacht | An bhfuil an réamhfhoghlaim a baineadh amach agus atá á measúnú inghlactha? An bhfuil sé cothrom le dáta leis an eolas agus leis an gcleachtas reatha? |

**Toradh an Phróisis Measúnaithe**

Is féidir ceann níos mó díobh seo a leanas a bheith mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe; ligean isteach

ar chúrsa acadúil ar leith san Ollscoil; ardseasamh acadúil ar chúrsa staidéir nó díolúintí modúil má chomhlíontar na caighdeáin riachtanacha foghlama.

**Bailíochtú**

Ní mór don Aonad Acadúil cuí gach cinneadh RPL a bhailíochtú agus ní mór don Choláiste cuí é a shíniú agus an Oifig Iontrála a chur ar an eolas maidir le gach moladh agus cinneadh RPL.

**Cumarsáid**

Cuirfear gach iarratasóir ionchasach agus gach mac léinn cláraithe ar an eolas faoi dheiseanna RPL in ábhar an chúrsa agus ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas go hiomlán faoin bpróiseas iarratais, faoi na staideanna laistigh de agus faoin gcineál agus raon fianaise a mheastar a bheith oiriúnach chun tacú le héileamh ar aitheantas réamhfhoghlama, lena n-áirítear na torthaí foghlama a ndéanfar measúnú ar réamhfhoghlaim ina leith. Cuirfidh an Ollscoil na hiarratasóirí ar fad ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh phróiseas measúnaithe RPL.

## 6. Achoimre ar an bPróiseas RPL

1. Cuirfear faisnéis maidir leis an bpróiseas RPL ar fáil d'iarratasóirí.
2. Cuireann an t-iarratasóir tús leis an bpróiseas trí eolas ginearálta cuí a sholáthar chun tacú leis an iarratas. Féadfaidh an t-iarratasóir Foirm Iarratais RPL a úsáid chun an t-eolas seo a sholáthar.
3. Socrófar plé le Riarthóir an Chúrsa. Cuirfear comhairle agus tacaíocht ar fáil d’iarratasóirí chun fianaise agus bailíochtú ar réamhfhoghlaim a ullmhú san fhormáid riachtanach.
4. Cuirfidh an t-aonad acadúil ábhartha an fhianaise ar fhoghlaim móide an fhoirm chomhlánaithe iarratais RPL faoi bhráid na hOllscoile lena measúnú.
5. Déanfaidh Bord an Chúrsa agus Oifig an Choláiste toradh an phróisis measúnaithe a bhailíochtú agus a chur in iúl don Oifig Iontrála agus d’aon aonaid riaracháin ábhartha eile.
6. Cuirfidh an Ollscoil toradh an phróisis measúnaithe in iúl don iarratasóir laistigh de thréimhse réasúnta ama.

## 7. Athbhreithniú agus Nuashonrú

Beidh na polasaithe agus na cleachtais RPL seo faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú rialta i gcomhréir leis an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn.
Tabhair cuairt ar an Stór Polasaithe & Nósanna Imeachta ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais chun polasaithe, nósanna imeachta, rialacháin agus treoirlínte eile a fheiceáil.

| **Ainm** | Freagracht |
|---|---|
| **Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí** | Úinéir |
| **Riarthóir Cúrsa agus Boird Cúrsaí** | Faomhadh agus Bainistiú RPL ag leibhéal an chúrsa |
| **An Chlárlann** | Creidmheasanna RPL a bronnadh a chur ar an taifead |